

Curaclam Teanga na Bunscoile

Primary Language Curriculum

Céim 3 agus 4
Stages 3 and 4
Dréacht/Draft



1. Réamhrá

Cuirtear i láthair sa doiciméad seo dréacht-sonraíocht an churaclaim do ranganna sinsearacha. Ag tús na sonraíochta faightear leagan ciorraithe d'Intreoir, Réasúnaíocht agus Aidhmeanna Churaclam Teangacha na Bunscoile. Ina dhiaidh sin faightear na Dréacht-Torthaí Foghlama do Léitheoireacht, Scríbhneoireacht agus Teanga ó Bhéal an Gaeilge T1 agus na Dréacht-Torthaí Foghlama do Léitheoireacht, Scríbhneoireacht and Teanga ó Bhéal na Béarla T2, chomh maith leis na Dréacht- Chontanaim Dhul chun Cinn/ Progression Continua do na trí snáitheanna. Cuirtear na Torthaí Foghlama/Learning Outcomes do naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó san áireamh chun an leanúnachas agus an dul chun cinn trí ocht mbliana a bhunoideachais a léiriú. A dhála sin, cuireadh isteach na mionchéimeanna a úsáidtear leis na ranganna sóisearacha, chun leanúnachas a thaispeáint idir na ranganna sóisearacha agus na ranganna sinsearacha. Is dócha go mbeidh múinteoirí ag úsáid roinnt de na mionchéimeanna sin agus iad ag obair le páistí sna ranganna sinsearacha, go háirithe le páistí i ranganna a trí agus a ceathair. Úsáidtear aibhsiú buí leis na Torthaí Foghlama/Learning Outcomes agus leis na Contanaim Dhul chun Cinn/Progression Continua chun an t-ábhar a thaispeáint a forbraíodh mar chuid den tsonraíocht nua do ranganna sinsearacha.

Cé dó Curaclam Teanga na Bunscoile?

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile ann le haghaidh múinteoirí páistí de gach cineál cumais i ngach comhthéacs scoile. I measc na gcomhthéacsanna scoile don churaclam seo tá scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus scoileanna speisialta.

Curaclam Gaeilge na Bunscoile agus Curaclam Béarla na Bunscoile (1999)	Curaclam Teanga na Bunscoile (2015)
Snáithe	
Snáithaonad	Gné
Snáitheanna agus snáithaonaid éagsúla don Ghaeilge agus don Bhéarla Cuspóirí Ábhair 35 I	Na snáitheanna agus na gnéithe céanna don Ghaeilge agus don Bhéarla Torthaí Foghlama 96
-	Contanaim Dul chun Cinn
Comhairle measúnachta i dtreoirínte	Samplaí d'fhoghlaim teanga na bpáistí in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile (ar líne)
Treoirínte	Ábhar Tacaíochta do mhúinteoirí in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile (ar líne)

Tábla 1: Curaclam don Ghaeilge agus don Bhéarla: 1999 agus 2015

Cén fáth a bhfuil Curaclam nua Teanga na Bunscoile ann?

Tá athruithe suntasacha tagtha ar shochaí na hÉireann le fiche bliain anuas. Úsáidtear níos mó ná 200 teanga in Éirinn anois, chomh maith le Caintis agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Tá athbhreithnithe ar an gcuraclam agus taighde a rinneadh i gcaitheamh na tréimhse sin tar éis béim a leagan ar na rudaí maithe agus ar na dúshláin a bhain le curaclam 1999 le haghaidh na Gaeilge agus an Bhéarla. Tá sé iarrtha ag múinteoirí nach mbeadh an curaclam chomh plódaithe céanna, agus go leagfaí níos mó béime ar chleachtadh agus ar thacú le dul chun cinn na bpáistí ó thaobh foghlama agus forbartha de. Léiríonn torthaí go bhfuil gá le Curaclam nua Teanga na Bunscoile


- ina ndéantar comhtháthú idir an Ghaeilge agus an Béarla in aon churaclam teanga amháin do gach páiste i ngach comhthéacs scoile
- a spreagann rannpháirtíocht na múinteoirí agus na bpáistí agus a thacaíonn leo chun dearcadh dearfach a fhorbairt i leith teagasc agus foghlaim teanga
- a thacaíonn le múinteoirí chun cabhrú leis na páistí dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama agus forbartha teanga le linn bhlianta na bunscoile.

Conas atá an curaclam nua teanga difriúil le curaclam na bliana 1999 don Ghaeilge agus don Bhéarla?

Tá struchtúr Churaclam Teanga na Bunscoile éagsúil le curaclam 1999 don Ghaeilge agus don Bhéarla ar bhealaí éagsúla (Tábla 1).

Ceithre chuid den churaclam a bhfuil baint acu lena chéile

Déantar cur síos i Roinn 6 de Churaclam Teanga na Bunscoile, Gaeilge agus Béarla: Céim 1 agus 2, ar ceithre chuid a bhfuil baint acu lena chéile – Torthaí Foghlama, Contanaim Dhul chun Cinn, Ábhar Tacaíochta, agus samplaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na bpáistí (tá siad le feiceáil i bhFíor 1).



Fíor 1: Na ceithre chuid idirnasctha de Churaclam Teanga na Bunscoile

2. Réasúnaíocht agus Aidhmeanna/Rationale and Aims

Cuireann foghlaim teanga ar chumas páistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann, ó chumarsáid neamhbhriathartha agus bhriathartha go téacsanna clóite agus digiteacha. Trí chaidreamh a dhéanamh go sóisialta le daoine fásta, téann páistí i dtaithe ar agus i ngleic le caidreamh cumarsáideach agus tosaíonn siad tríthu seo ar chumarsáid daoine eile a thuiscint, a léirmhíniú, brí a bhaint aisti agus í a mheas go criticiúil. Cuireann teanga ar chumas páistí a bheith rannpháirteach ó thaobh na mothúchán de, go sóisialta, go cognaíoch, go samhlaíoch agus go haeistéitiúil i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Cumasaítear páistí lena smaointeoireacht, a bhfríotal, a machnamh, a gcumas criticiúil agus a n-ionbhá a fhorbairt, agus tugtar tacaíocht dóibh chun féin-éifeachtúlacht, féiniúlacht agus lánpháirtíocht sa tsochaí a fhorbairt chomh maith.

Cuireann Curaclam Teangacha na Bunscoile (lgh.18-20) síos ar cheithre phrionsabal foghlaim teanga:

- Múnlaítear tríd an teanga muid
- Próiseas forásach is ea foghlaim teanga
- Próiseas comhtháite is ea foghlaim teanga
- Is trí idirghníomhaíochtaí a fhoghlaimíonn páistí teanga.

Cuirtear aidhmeanna Churaclam Teangacha na Bunscoile (lgh.26-27) i láthair i dtrí ghrúpa: Páistí agus a saoil, Cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile, agus Foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí.

1. Páistí agus a saoil

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- a chur ar chumas páistí tógáil ar eolas agus ar thaithí atá acu cheana féin ar theanga agus ar fhoghlaim teanga le cur lena bhfoghlaim teanga
- páistí a spreagadh le glacadh go dearfach leis an nGaeilge, agus ár bhféiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn trí úsáid na Gaeilge
- páistí le teangacha agus cultúir éagsúla a spreagadh le bheith bródúil as a n-oidhreacht agus í a roinnt
- aitheantas a thabhairt don raon taithí, cumais agus stíle teanga a bhíonn ag páistí agus iad ag foghlaim teanga ar scoil mar chéad chéim le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i gcaidreamh bríoch cumarsáideach.

2. Cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- glacadh le huathúlacht na bpáistí trína meas ar a dteanga baile, a dtuiscint ar theanga agus ar ilghnéitheacht, agus a gcumas chun teangacha, gothaí agus uirlisí éagsúla a úsáid le cumarsáid a dhéanamh le daoine i gcomhthéacsanna agus i suímh éagsúla a chothú
- páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile agus cumarsáid a dhéanamh ina dteanga oidhreachta le haghaidh cuspóirí éagsúla
- páistí a chumasú le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d'eispéiris ábhartha bhríocha teanga agus cumarsáideacha le páistí ar comhaois leo agus le daoine fásta, agus le taitneamh a bhaint astu.

3. Foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- spéis ar feadh an tsaoil i bhfoghlaim teanga, agus grá d'fhoghlaim teanga, a chothú i bpáistí ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta agus, ar an gcaoi sin, dearcadh dearfach i leith cumarsáide agus teanga a chur chun cinn
- tuiscint páistí ar an domhan a leathnú trí éagsúlacht shaibhir eispéiris teanga agus trí fheasacht agus meas ar theangacha agus ar chultúir eile a chothú i dtimpeallacht foghlama a shaibhríonn iad
- páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach go pearsanta i réimse leathan de théacsanna labhartha, geáitsíochta, scríofa agus il-mhodúlacha, agus smaoinemh go criticiúil orthu
- tacú le páistí lena scileanna liteartha a fhorbairt agus iad a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas foghlama féin sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht
- feasacht teanga a chothú sna páistí, ionas go dtuigfidh siad agus go mbeidh meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha agus go bhfaighidh siad buntuisceant ar stair teangacha agus cultúr eile.

3. Pleanáil, teagasc agus measúnú le haghaidh foghlama/Planning, teaching and assessing for learning

Cabhraíonn Curaclam Teanga na Bunscoile le múinteoirí tacú le foghlaim agus le forbairt teanga páistí trí phróiseas pleanála, teagasc agus measúnaithe don fhoghlaim sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Bíonn ceithre chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile ag obair le chéile le tacú le pleanáil, teagasc agus measúnú na múinteoirí d'fhoghlaim teanga: Torthaí Foghlama, Contanaim Dul chun Cinn, samplaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na bpáistí, agus Ábhar Tacaíochta do mhúinteoirí.

Le chéile, cuireann na Torthaí Foghlama agus na Contanaim Dul chun Cinn pointí tagartha tábhachtacha ar fáil do mhúinteoirí le pleanáil agus breithiúnais a dhéanamh d'fhoghlaim teanga páistí, agus le cinneadh a dhéanamh faoi na chéad chéimeanna eile teagasc agus foghlama a chabhróidh le páistí dul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Tacaíonn na Torthaí Foghlama agus na Contanaim Dul chun Cinn le múinteoirí nuair a bhíonn dul chun cinn foghlama an pháiste á thuairisciú do chomhghleacaithe, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile i gcaitheamh na bliana, agus do mhúinteoirí eile mar chuid den phróiseas aistrithe taobh istigh de bhunscoileanna nó trasna bunscoileanna.

Foghlaim an dara teanga

Leanann formhór na bpáistí cosáin intuartha agus an dara teanga á foghlaim acu. Ní haon eisceacht í an Ghaeilge, mar go bhfoghlaimíonn páistí Gaeilge mar dhara teanga sa bhunscoil ar bhealaí aonair intuartha. Beidh an cosán céanna á leanúint ag páistí a fhoghlaimíonn Béarla mar theanga bhreise, ach beidh níos mó deiseanna acu teacht ar an teanga lasmuigh den scoil. I dtús báire tuigtear do pháistí de réir a chéile gur féidir cumarsáid agus brí a dhéanamh i dteangacha eile agus tosaíonn siad ag léiriú tuisceana. Nuair a bhíonn beagán focal faighte ag páistí sa teanga nua tosaíonn siad ag meascadh agus ag úsáid focail T2 in abairtí T1 mar fhriotal measctha. Má fhaightear an teanga nua i suíomh aitheanta, foghlaimeoidh na páistí focail agus frásaí a bhíonn in úsáid go rialta i rith an lae. De réir a chéile faigheann páistí focail agus frásaí coitianta sa dara teanga. Tá sé tábhachtach go mbeidh deiseanna ag na páistí na focail seo a athrá agus caint níos cruthaithí a fhorbairt. Tá Ábhar Tacaíochta le haghaidh

an dara teanga a mhúineadh do pháistí foilsithe in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile. Sna pointí thíos tugtar roinnt rudaí tábhachtacha le cur san áireamh agus páistí ag foghlaim an dara teanga.

An cur chuige cumarsáideach

Mar a bhí le curaclam 1999, tá an cur chuige cumarsáideach molta mar chur chuige leis an dara teanga a mhúineadh. Tá an foghlaimeoir lárnach sa chur chuige seo; cuirtear an phríomh-bhéim ar riachtanas cumarsáide a bheith á chomhlíonadh ag an bhfoghlaimeoir. Díreann sa chur chuige ar bhrí agus ar theachtaireachtaí a chur in iúl, agus an múinteoir ag múnú agus ag athúsáid na teanga i rith an lae. Cuirtear an bhéim ar chumarsáid thaitneamhach, idirghníomhach a bhfuil cuspóir léi agus úsáidtear an sprioctheanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir sa cheacht teanga. Tá cur chuige cumarsáideach roinnte i dtrí thréimhse:

- An tréimhse réamhchumarsáide: múinteoir foclóir ó bhéal, feidhmeanna teanga nó struchtúir atá riachtanach don tasc teanga agus cleachtar iad le réimse tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí.
- An tréimhse cumarsáide: baineann foghlaimeoirí úsáid as an bhfoclóir ó bhéal, feidhm teanga nó struchtúr nua chun tasc cumarsáideach a chur i gcrích. Tá na tascanna seo dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus d'fhéadfadh súgradh, cluichí teanga, drámaí, díospóireachtaí, agallaimh agus mar sin de bheith i gceist. Agus an teanga in úsáid níos minice acu, tagann forbairt ar neamhspleáchas na bhfoghlaimeoirí de réir a chéile ó thaobh an teanga nua a úsáid agus sainaithníonn an múinteoir earráidí. Cuireann sé sin bonn eolais faoin bpleanáil agus faoin soláthar d'fhoghlaim a dhéanann an múinteoir ina dhiaidh sin.
- An tréimhse iarchumarsáide: Le tacaíocht an mhúinteora, daingníonn na foghlaimeoirí a gcuid foghlama agus aistríonn siad í go dtí gníomhaíochtaí eile. Féachann an múinteoir chun cinn go dtí an chéad chéim eile agus pleanálann i dtreo ionchur agus teagasc teanga amach anseo.

Mar chuid den athbhreithniú a dhéanann siad ar na trí thréimhse,

pléann an múinteoir agus na páistí an taithí foghlama a bhaineann le gach tasc. Agus an múinteoir ag tacú leo, spreagtar na páistí le gné ar bith den teanga a bhí ag teastáil ach nach raibh ar eolas acu a shainaithint. Maidir leis an múinteoir, d'fhéadfadh eolas a bailíodh san athbhreithniú bonn eolais a chur faoin tréimhse thosaigh de cheacht ina dhiaidh sin nó faoin bpleanáil chun ábhar nua a mhúineadh go neamhfhoirmiúil, e.g., gramadach. Is féidir tús a chur le ceacht le ceann ar bith de thrí thréimhse an chur chuige chumarsáidigh ó tharla go bhfuil siad sin timthriallach agus leanúnach. Is é an sprioc mhór don mhúinteoir ná tacú leis an bhfoghlaimeoir chun labhairt agus cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir.

Feidhmeanna teanga

Tá na feidhmeanna teanga lárnach d'fhoghlaim an dara teanga. Tugtar 'feidhm teanga' ar an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach. Ionas go mbeidh páistí atá ag foghlaim an dara teanga in ann feidhmiú agus cumarsáid a dhéanamh ina dteanga nua, tá sé tábhachtach go mbeidh máistreacht acu ar fheidhmeanna na teanga. Cuireann feidhmeanna teanga ar chumas páistí iad féin a chur in aithne do dhaoine eile, ceisteanna a chur, smaointe a chur in iúl, iarratais a dhéanamh agus struchtúr a chur ar na freagraí a thugann siad ar dhaoine eile. Is féidir le páistí na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin i suímh realaíocha ach freisin i suímh insamhlaithe ar nós rólimirt agus drámaíocht shochdhrámatúil. Ní féidir na samplaí de na feidhmeanna teanga a úsáid i bhfolús. Dá bhrí sin, d'fhonn freastal ar ábhar suime agus ar riachtanais teanga na bpáistí, moltar an teanga a mhúineadh i gcomhthéacs téamaí a bhaineann le saol na bpáistí. Cruthóidh na téamaí comhthéacsanna realaíocha le haghaidh samplaí a úsáid agus a mhúineadh sa cheacht Gaeilge. Tá tacaíocht do mhúinteoirí ar na feidhmeanna teanga ar fáil in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile.

Teanga agus feasacht chultúrtha

Díríonn feasacht teanga aird páistí ar mhodhanna agus ar theangacha difriúla a úsáideann daoine le cumarsáid a dhéanamh. Nuair a chothaítear feasacht páistí ar mhodhanna eile cumarsáide agus ar theangacha eile agus nuair a chothaítear a suim iontu, spreagtar iad le dul i ngleic go gníomhach leis na teangacha nua a chostar orthu. Nuair is féidir, is ceart páistí a spreagadh le modhanna éagsúla cumarsáide agus teanga a fhiosrú, agus na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir a dteanga baile agus teangacha eile a aithint. Mealltar páistí le feasacht faoin gcultúr agus an oidhreacht a bhaineann le teanga nua agus tugann sé tuiscint dóibh ar chultúir agus ar nósanna atá éagsúil lena gcultúr féin. Nuair is féidir le páistí dul i ngleic go gníomhach méid áirithe leis an gcultúr a bhaineann le teanga, treisítear an méid spéise a bhíonn acu sa teanga. Tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ag na páistí chun cur lena bhfeasacht ar chultúr na hÉireann.

I gcás páistí a labhraíonn teanga nach ionann í agus an teanga atá ag formhór na bpáistí sa rang, nó páistí ar cainteoirí dúchais de chuid na sprioctheanga iad, tá sé tábhachtach go ndearbhaíonn an múinteoir a gcuid scileanna teanga agus go dtugann sé/sí deiseanna dóibh chun cultúr agus nósanna na tíre nó na hoidhreachta lena mbaineann a dteanga a roinnt. Dearbhaítear teanga baile na bpáistí sin ar an gcaoi sin agus léirítear dóibh go bhfuil tábhacht lena dteanga baile.

Ilchineálacht Teangeolaíochta agus Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá athrú mór tagtha ar sheomraí ranga bunscoile le blianta beaga anuas agus cuireadh fáilte roimh pháistí ó réimse cúlraí cultúrtha agus teangeolaíochta. Tá teanga agus féiniúlacht chultúrtha fite fuaite ina chéile agus tarraingíodh aird roimhe seo ar an tábhacht atá le teangacha baile na bpáistí a dhearbhu agus le haithneas a thabhairt do na teangacha sin i mbunscoileanna na hÉireann (CNCM 2005). Léiríonn Curaclam Teanga na Bunscoile an ilchineálacht teangeolaíochta a fhaightear i mbunscoileanna, Gaeilge, Béarla agus teangacha eile san áireamh. Cuireann an tagairt do 'theangacha eile' ar chumas múinteoirí tarraingt ar agus tacú le cumais teanga na bpáistí ina seomraí ranga. Mar shampla, b'fhéidir go spreagtar páistí

le téacsanna a léamh agus a scríobh ina dteangacha baile agus leis na téacsanna seo a roinnt le piaraí. Cuirtear feasacht teanga chun cinn sa seomra ranga nuair a spreagtar páistí lena dteangacha baile a úsáid agus leis an eolas atá acu ar theangacha a roinnt. Forbraíonn páistí feasacht ar struchtúr teangacha nuair a phléann siad na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile.

Tumoideachas

Tarlaíonn an tumoideachas nuair a thumtar foghlaimeoirí teanga i dteanga atá difriúil lena dteanga baile nó lena dteanga dhúchais. I dtimpeallacht tumoideachais, sealbhaíonn páistí teanga na timpeallachta tumoideachais chomh maith lena dteanga baile. Tar éis don pháiste a bheith tumtha sa teanga nua ar feadh tréimhse, ba cheart na páistí a spreagadh leis na scileanna atá sealbhaithe acu sa teanga nua a aistriú go teangacha eile agus a mhalairt.

Bíonn páistí as teaghlaigh nach labhraíonn Gaeilge, agus a fhreastalaíonn ar scoil lán-Ghaeilge nó ar scoil Ghaeltachta, i suíomh tumoideachais. Ar mhaithe le cleachtas an tumoideachais i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a éascú d'fhoghlaimoirí Gaeilge agus chun tacú d'fhorbairt chumais i dteanga an chainteora dúchais, beidh sé de rogha ag na scoileanna seo tréimhse tumoideachais iomlán a fheidhmiú go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach, faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí.

Ní thosófar ar mhúineadh an Bhéarla agus scileanna foirmiúla litearthachta in T2 na scoile go dtí tar éis tréimhse tumoideachais iomlán a shocraíonn an scoil.

Déantar páistí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu (BTB) a thumadh i dteanga na scoile. Nuair a bhíonn teanga an phobail éagsúil le teanga an bhaile, is féidir le tuismitheoirí agus leis an scoil ról tábhachtach a imirt le teanga baile an pháiste a cheiliúradh agus a chothabháil.

Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)

Is bealach éifeachtach í an Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) le teagmháil na bpáistí leis an nGaeilge a mhéadú trí fhíorchomhthéacsanna a chruthú ina mbeidh an teanga á húsáid ag páistí. Tugann FCÁT deis do pháistí coincheapa, meonta agus scileanna i réimse ar leith den churaclam a fhoghlaim trí Ghaeilge, agus a muinín a fhorbairt trína scileanna nua teanga a úsáid i bhfíorchomhthéacsanna taobh amuigh den cheacht teanga scoite. Tugtar deiseanna do mhúinteoirí an Ghaeilge a chomhtháthú trasna an churaclaim ar bhealach gníomhach bríoch. Tosaíonn múinteoirí a gcuid pleanála trí ábhar a roghnú atá oiriúnach don FCÁT agus cruthaíonn siad deiseanna plé agus idirghníomhachta ó pháistí i ngrúpaí. Is féidir ábhair a theagasc ag úsáid FCÁT nuair a bhíonn an teanga nua atá ag teastáil don ábhar curtha ar fáil roimh ré ag na múinteoirí. Tá Ábhar Tacaíochta maidir le FCÁT a úsáid le fáil in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile.

Torthaí Foghlama/Learning Outcomes

Sna Torthaí Foghlama déantar cur síos ar an méid is ceart a bheith ar eolas agus ar a gcumas ag páistí de thoradh an phróisis teagaisc agus foghlama ag deireadh tréimhse dhá bhliain, nuair a chuirtear cumais agus cúinsí éagsúla an pháiste aonair san áireamh go cuí. Cabhraíonn Torthaí Foghlama le múinteoirí

- modhanna cuí teagaisc agus foghlama a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas
- modhanna measúnaithe a úsáid a oireann do na Torthaí Foghlama atá beartaithe
- aiseolas spriocdhírithithe a thabhairt do pháistí agus do thuismitheoirí.

Na Torthaí Foghlama a thuiscint

Cén chaoi a gcuirtear na Torthaí Foghlama i láthair?

- Cuirtear na Torthaí Foghlama i láthair de réir chéad teanga na scoile, an Ghaeilge (T1), agus dara teanga na scoile, an Béarla (T2), ina dhiaidh sin.
- Déantar grúpáil ar na Torthaí Foghlama de réir snáithe, ag tosú leis an teanga ó bhéal, an léitheoireacht ina dhiaidh sin agus an scríbhneoireacht ina dhiaidh sin arís.
- Cuirtear na Torthaí Foghlama i láthair trasna ceithre chéim, ó naíonáin shóisearacha go rang a 6.
- Liostaítear na Torthaí Foghlama in ord agus úsáid á baint as na trí ghné. Ar dtús tá Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga, ansin Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint, agus ansin Teanga a fhiosrú agus a úsáid.
- I gcás a lán de na Torthaí Foghlama i dteanga amháin, tá coincheapa agus scileanna ag baint leo ar féidir iad a aistriú trasna Torthaí Foghlama i dteanga eile na scoile. Taispeántar cén áit a dtarlaíonn an t-aistriú le nasc-chomhartha. In diaidh an nasc-chomhartha tá uimhir an Toraidh Foghlama nasctha i dteanga eile na scoile. Sa sampla thíos, is chuig Toradh Foghlama sonrath Béarla T2 an nasc.
- Tá na Torthaí Foghlama do gach céim ceangailte leis na Mórchéimeanna Dul chun Cinn ábhartha (a luath-j) ar na Contanaim Dul chun Cinn. Ní bhíonn réimse na Mórchéimeanna Dul chun Cinn mar an gcéanna an t-am ar fad, mar gheall go mbraitheann sí ar an gcéim, ar an snáithe agus ar an teanga – an í T1 nó T2 atá i gceist. Ar an ábhar seo, tá Mórchéimeanna Dul chun Cinn molta ag barr gach céime os cionn na dTorthaí Foghlama.

Contanaim Dul chun Cinn: Gaeilge agus Béarla/Progression Continua: Irish and English

Tagann páistí ar scoil le taithí éagsúil teanga agus bíonn siad ag staideanna éagsúla ina scileanna cumarsáide, ina bhfoghlaim teanga agus ina bhforbairt teanga. Bíonn siad ag foghlaim agus ag forbairt ag rátaí éagsúla freisin, go háirithe i luathbhlianta na bunscoile. Úsáidtear Contanaim Dul chun Cinn agus samplaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga na bpáistí i gCuraclam Teanga seo na Bunscoile le cabhrú le múinteoirí trasna na dtrí chomhthéacs scoile le breithiúnais a dhéanamh faoin áit a bhfuil páistí ina dturas foghlama teanga agus leis na chéad chéimeanna eile foghlama a phleanáil dóibh i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá trí Chontanam Dul chun Cinn ann, ceann le haghaidh gach ceann de na trí shnáithe – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Tá aon Mórchéim Dul chun Cinn dhéag i ngach contanam (a luath-j), ina ndéantar cur síos leathán ar fhoghlaim agus forbairt teanga páistí le haghaidh chéim 1 agus 2, i.e., ó naíonáin shóisearacha go rang a dó. Tá Mórchéim Dul chun Cinn j ceaptha le tacú le páistí ardghnóthachtála sna blianta sinsearach go h-áirithe. Tá Mionchéimeanna Dul Chun Cinn ag gach Mórchéim Dul chun Cinn, a úsáidtear le chéile le gnóthachtáil shuntasach a dhéanann páistí ina dturas foghlama teanga a mharcáil. Déantar cur síos sna céimeanna ar an gcuma a bhíonn ar fhoghlaim agus ar fhorbairt páistí agus iad ag gluaiseacht tríd an gContanam Dul chun Cinn i dtreo Torthaí Foghlama a bhaint amach.

Seans go mbíonn foghlaim agus forbairt teanga an pháiste laistigh de mhórchéim dul chun cinn ar feadh tréimhsí éagsúla ama, agus baineann páistí gnéithe difriúla de mhórchéim dul chun cinn amach le himeacht ama. Ní théann gach páiste ar aghaidh go dtí an chéad mhórchéim eile i gcónaí agus seans go bhfanfaidh siad laistigh de mhórchéim dul chun cinn. Ag brath ar scileanna agus ar fhorbairt teanga na bpáistí, d'fhéadfaidís bheith ag feidhmiú laistigh de mhionchéimeanna dul chun cinn difriúla do thorthaí foghlama difriúla. Ó am go ham, d'fhéadfaidh páistí bogadh chun cinn agus siar sna

contanaim agus ní bhogann siad ar bhealach líneach céim ar chéim i gcónaí. Tacaíonn na contanaim le múinteoirí cinn a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil dóibh ag am ar leith. D'fhéadfaidh an fhianaise an gá atá le coincheap nó le scil ar leith a atreisiú, a fhorbairt nó an gá atá le dul siar air/uirthi a chur in iúl. Ní bhítear ag súil leis de ghnáth go mbeadh múinteoirí ranga ag úsáid mórchéimeanna dul chun cinn chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag páistí aonair. Ina áit sin, cuireann siad eolas ar fáil chun tacú le planáil thréimhsiúil chomh maith le measúnú iomlánaíoch ar fhoghlaim páistí agus daoine óga.

Úsáid na gContanam Dul chun Cinn i gcomhthéacsanna éagsúla scoile

Tugann na Contanaim Dul chun Cinn solúbthacht do scoileanna le hionchais d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga na bpáistí a aithint, bunaithe ar an gcomhthéacs ar leith foghlama teanga agus deimeagrafach ina bhfuil siad ag feidhmiú agus de réir na dTorthaí Foghlama do gach céim. Cé go bhfuil na Contanaim Dul chun Cinn mar an gcéanna go ginearálta do pháistí thar na trí chomhthéacs

Tábla 1: Mórchéimeanna Dul chun Cinn do dheireadh chéim 1 & 2: Cainteoirí dúchais Gaeilge i scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge*

	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearach	Céim 2: Rang a haon agus a dó	Céim 3: Rang a trí agus a ceathar	Céim 4: Rang a cúig agus a sé
T1 Gaeilge: Teanga ó bhéal	e	f	g	h
T1 Gaeilge: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht	d/e	f	g	h
T2 Béarla: Teanga ó bhéal	c	d	e	f
T2 Béarla: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht	b	c/d	d/e	e/f

foghlama teanga, tá siad solúbtha, agus mar sin is féidir le scoileanna dul chun cinn na bpáistí a aimsiú trasna ranganna, agus spriocanna cuí a leagan síos dá gcomhthéacs teanga féin.

I dTáblaí 1 go 3 imlínítear an méid atáthar ag súil le bheith bainte amach ag formhór na bpáistí ag deireadh gach céime sa chéad agus sa dara teanga de chuid na scoile. Dirítear i ngach tábla ar cheann de na trí chomhthéacs teanga scoile a ndéantar cur síos orthu sa réasúnaíocht, i.e., scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge (Gaelscoileanna) agus scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu.

Tugtar léargas i dTábla 14 ar a mbeifí ag súil le bheith bainte amach ag páistí a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu i scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge in T1 agus T2 ag deireadh gach céime.

Tugtar léargas i dTábla 15 ar a mbeifí ag súil le bheith bainte amach ag páistí nach bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu i scoil i scoil Ghaeltachta nó lán- Ghaeilge in T1 agus T2 ag deireadh gach céime.

Tugtar léargas i dTábla 16 ar a mbeifí ag súil le bheith bainte amach ag páistí i scoil arb é an Béarla an meán teagaisc inti in T1 agus T2 ag deireadh gach céime.

Table 3 indicates what the majority of native Irish speaking children in an Irish-medium school might be expected to achieve in L1 and L2 at the end of each stage.

Tábla 2: Mórchéimeanna Dul chun Cinn do dheireadh chéim 1 & 2: Cainteoirí neamhdhúchais Gaeilge i scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge

	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	Céim 2: Rang a haon agus a dó	Céim 3: Rang a trí agus a ceathar	Céim 4: Rang a cúig agus a sé
T1 Gaeilge:Teanga ó bhéal	d	e/f	f/g	g/h
T1 Gaeilge: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht	d/e	e/f	f/g	g/h
T2 Béarla:Teanga ó bhéal	d	f/g	g	h
T2 Béarla: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht			g	h

Tábla 3: Mórchéimeanna Dul chun Cinn do dheireadh chéim 1 & 2: Scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu


	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinesracha	Céim 2: Rang a haon agus a dó	Céim 3: Rang a trí agus a ceathar	Céim 4: Rang a cúig agus a sé
T1 Béarla:Teanga ó bhéal	e	f	g	h
T1 Béarla: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht	d/e	f	g	h
T2 Gaeilge:Teanga ó bhéal	d	f/g	g	h
T2 Gaeilge: Léitheoireacht agus scríbhneoireacht	c	f/g	g	h

*Tuigean an Roinn Oideachais agus Scileanna gur córas éifeachtach agus rathúil é tumoideachas luath agus tá cead ag scoileanna teagasc foirmiúil Béarla a chur siar go dtí deireadh théarma 1 sna naíonáin shinsearacha, ar a laghad. Moltar tréimhse níos faide do scoileanna i limistéir Ghaeltachta. Tugtar breac-chuntas ar pholasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna in Imlitir 0033/2017, Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta. Le go n-ainmneofar bunscoil ina scoil Ghaeltachta faoi théarmaí na Scéime Aitheantais, caithfidh sí clár lántumtha dhá bhliain a chur i bhfeidhm trí Ghaeilge i ranganna na naíonán. Ní mhúinfeadh aon Bhéarla sna ranganna seo agus múinfeadh gach ábhar trí Ghaeilge. Ligeann sé seo do pháistí a gcumas Gaeilge a fhorbairt níos fearr i ranganna na naíonán.

Sa chás go gcuirtear tréimhse shuntasach thumoideachais i bhfeidhm, beidh an amlíne do dhul chun cinn na bpáistí ó Chéim 1 go dtí Céim 2 don Bhéarla (T2) difriúil le scoileanna nach gcuireann tumoideachas ar fáil. Socróidh fad na tréimhse tumtha a chuireann an scoil i bhfeidhm é seo. Mura dtugtar an Béarla isteach go dtí rang a haon, tosóidh an múinteoir i rang a haon leis an mBéarla agus é/í ag díriú ar Chéim 1. Ba chóir go rachadh an chuid is mó de dhaltáí trí go leor de na torthaí foghlama sách tapa ag an gcéim seo mar gheall ar 'thraschur scileanna'. Beidh a lán de na torthaí foghlama bainte amach sa Ghaeilge/trí Ghaeilge cheana féin agus beidh na scileanna céanna i gceist leis an mBéarla. D'fhéadfadh páiste bogadh ar aghaidh go tapa go dtí Céim 2 i gcás a lán de na torthaí foghlama.

Agus múinteoirí ag tosú ar an gcuraclam seo a úsáid, d'fhéadfadh an t-ábhar sna táblaí seo agus sna táblaí sa chuid eile den roinn seo athrú le himeacht aimsire mar fhreagra ar thaithí na scoileanna agus ar riachtanais na bpáistí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.

Figiúr 3: Réimse ginereálta na Mórchéimeanna Chun Cinn sna trí snáithe do chéimeanna 1, 2, 3 agus 4: scoileanna lán-Gaeilge



* Nuair a chuirtear cumais agus cúinsí éagsúla san áireamh.

Dreacht - Torthaí Foghlama maidir leis an Teanga ó Bhéal (Gaeilge T1)

Snáithe: Teanga ó Bhéal (éisteacht agus labhairt)

Gné	Toradh Foghlama: Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearachacha agus naíonáin shinsearachacha (Páiste nach cainteoir dúchais é/í: Mórchéimeanna Dul Chun Cinn a-d) (Cainteoir dúchais: Mórchéimeanna dul chun cinn a-e) Trí eispéiris chúí foghlama spráúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann*	Céim 2: Rang 1 agus rang 2 (Páiste nach cainteoir dúchais é/í: Mórchéimeanna Dul Chun Cinn c-g) (Cainteoir dúchais: Mórchéimeanna dul chun cinn d-h) Ba cheart do pháistí a bheith in ann*	Céim 3: Rang a Trí agus Rang a Ceathair Ba cheart do pháistí a bheith in ann*	Céim 4: Rang a Cúig agus Rang a Sé Ba cheart do pháistí a bheith in ann*
Cumarsáid	1. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird	Spéis agus comhaird a léiriú, straitéisí tuisceana a úsáid agus stór focal a shealbhú trí éisteacht ghníomhach a dhéanamh le Gaeilge shuibhir á labhairt i réimse comhthéacsanna agus i nguthanna/canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoi leith, cé nach gá go dtuigfeadh sé/sí gach focal LO1 , S1+2.		lad féin a aithint mar éisteoirí agus cainteoirí, iad rannpháirteach go fiúntach agus go comhbhách le daoine eile. A bhféiniúlacht a chur in iúl ó bhéal (lena n-áirítear úsáid teangacha éagsúla) Éisteacht go gníomhach agus brí agus sult a bhaint as comhráite agus as téacsanna** i réimse de sheánraí [∠] agus, nuair is féidir, i dteangacha éagsúla	Éisteacht go gníomhach agus measúnú a dhéanamh ar an tslí a dtéann an chúis, an suíomh agus lucht éisteachta/éisteoir i bhfeidhm ar réim, canúint agus blas an chainteora
	2. Inspreagadh agus rogha	Roghnaigh téacsanna, éist leo, freagair dóibh, agus cruthaigh téacsanna** i réim seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir agus suime.		Roghnaigh téacsanna, éist leo, freagair go criticiúil dóibh, agus cruthaigh téacsanna** i réim seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir, suime agus cuspóirí áirithe.	
Tuiscint	3. Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile	A aithint go n-athraíonn an stíl chainte ag brath ar an ngaol idir dhaoine agus ar an lucht éisteachta agus tuiscint a léiriú ar riachtanais an éisteora agus comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a leanúint, páirt a ghlacadh iontu agus freagra a thabhairt ar dhaoine eile i bhfocail nó go neamhbhriathartha le tacaíocht de réir mar is gá LO2 , S1 Gaeilge a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad LO3 , S1+2	Leas a bhaint as noim shóisialta chúí chun comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a bheith páirteach iontu agus iad a choimeád ar siúl agus tuin oiriúnach chainte agus scileanna cúí léirithe a úsáid a oirfidh don lucht éisteachta LO2 , S2	Gnásanna sóisialta teanga a úsáid go solúbtha agus go comhbhách nuair a bhítear ag tionscnamh, ag cothú agus ag dul i mbun comhráite ar thopaicí pearsanta agus iad siúd atá bunaithe ar an gcuraclam Stíl, tuin, luas, stór focal, gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp a chur in oiriúint do lucht éisteachta éagsúil agus iad i mbun cumarsáide ó bhéal i réimse de sheánraí	A fhiosrú conas a théann cultúr agus féiniúlacht i bhfeidhm ar an tslí a ndéanann daoine cumarsáid lena chéile ó bhéal agus go neamhbhriathartha Éisteacht agus labhairt go muiníneach agus go hoilte chun comhoibriú le daoine eile agus chun aiseolas, smaointe, cinntí agus torthaí a chomhroinnt le réimse de lucht éisteachta
	4. Struchtúr abairte agus gramadach	Úsáid a bhaint as abairtí comhleanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte agus sainmhíniú cúí a thabhairt is an abairt ag éirí níos cuimsithí de réir a chéile, le tacaíocht de réir mar is gá LO4 , S1	Úsáid a bhaint as abairtí comhleanúnacha a bhíonn ag éirí níos deacra de réir a chéile le hord ceart na bhfocal agus struchtúr ceart na habairte agus úsáid a bhaint as nascaigh, as comhabairtí agus as abairtí casta chun sainmhíniú cúí a thabhairt LO4 , S2	Éagsúlacht a bheith i struchtúr, fad, agus gramadach abairtí, bogadh go réidh idir abairtí simplí, comhshuite agus casta, de réir mar a fheileann don lucht éisteachta, don fheidhm agus don teanga atá á labhairt	
	5 & 6. Stór focal a shealbhú agus a úsáid	Úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós gheáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúir, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid. LO5 , S1+2 Úsáid a bhaint as foclóir agus frásaí ó bhéal a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs** agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, agus teanga gan chomhthéacs a chur in iúl. Réimse leathan beannachtaí, nathanna cainte agus frásaí coitianta a úsáid is tuin agus foghraíocht chúí a úsáid agus iad a úsáid sa chomhthéacs cúí. LO6 , S1+2		Réimse de straitéisí a roghnú agus a fheidmiú chun réimse leathan d'fhocail agus de fhrásaí a shealbhú ó fhoinní éagsúla, ar nós litríochta, téacsanna sainbhair agus teangacha eile	Stór leathan focal agus frásaí ó bhéal a roghnú agus a úsáid go criticiúil, i gcás coincheapa agus topaic atá ar eolas, teibí agus sainiúil, de réir mar a fheileann do lucht éisteachta agus don fheidhm
	7. Léiriú tuisceana	Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint agus insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh. LO7 , S1+2		Tuiscint a léiriú trí éisteacht go gníomhach le, tuiscint agus anailís a dhéanamh ar théacsanna i réimse de sheánraí [∠]	Tuiscint a léiriú trí éisteacht go gníomhach le agus anailís a dhéanamh ar chomhráite agus ar théacsanna i réimse de sheánraí [∠] agus iad a chur i gcomparáid agus a mheasúnú
				Freagairt go cruthaitheach agus go criticiúil den mhéid atá cloiste agus feicthe acu	

* Nuair a chuirtear cumais agus cúinsí éagsúla san áireamh.

[∠] Is féidir na scileanna atá foghlamtha sa toradh foghlama seo a aistriú ó thoradh in T1 na scoile. LO=Learning Outcome. S=stage.

** Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlaigh, leictreonach agus digiteach.

[∠] Is cineálacha struchtúir téacs ilabairte ó bhéal nó scríofa iad seánraí a d'éirigh ina ngnáthstruchtúir ar chúiseanna sainiúla ina mbíonn patrúin a mbítear ag dúil leo, le cois gnéithe teanga a bhaineann le réim, m.sh. i bhfoirm scéil, faisnéiseach, áititheach agus ilseánra. Chun é a rá go simplí, tagraíonn seánra do rogha foirmeacha ó bhéal agus scríofa d'fhonn athinsint, míniú, siamsa a chur ar fáil, faisnéis a chomhroinnt, treoracha a thabhairt, insint, áitiú agus tuairimí a chosaint. Áirítear, ach ní liosta cuimsitheach é, le foirmeacha ó bhéal; drámaíocht, filíocht ó bhéal, óráidí, díospóireachtaí, scannáin agus meáin amhail podchraoltaí, físeáin, fógraíocht, craoladh teilifíse agus raidió.

Dreacht - Torthaí Foghlama maidir leis an Teanga ó Bhéal (Gaeilge T1)

Snáithe: Teanga ó Bhéal (éisteacht agus labhairt)

Gné	Toradh Foghlama: Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha (Páiste nach cainteoir dúchais é/í: Mórchéimeanna Dul Chun Cinn a-d) (Cainteoir dúchais: Mórchéimeanna dul chun cinn a-e) Trí eispéiris chúf foghlama spráúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann*	Céim 2: Rang 1 agus rang 2 (Páiste nach cainteoir dúchais é/í: Mórchéimeanna Dul Chun Cinn c-g) (Cainteoir dúchais: Mórchéimeanna dul chun cinn d-h) Ba cheart do pháistí a bheith in ann*	Céim 3: Rang a Trí agus Rang a Ceathair Ba cheart do pháistí a bheith in ann*	Céim 4: Rang a Cúig agus Rang a Sé Ba cheart do pháistí a bheith in ann*	
Fiosrú agus úsáid	8. agus 9. Iarratais agus ceisteanna	Riachtanais agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh ar bhealach muiníneach. LO8 , S1+2	Ceisteanna oscailte agus dúnta a chur agus a fhreagairt, chun cabhair a lorg, cabhrú le heolas agus tuiscint a fháil agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú LO9 , S1	Ceisteanna oscailte agus dúnta a chur agus a fhreagairt, chun cabhair a lorg, cabhrú le heolas agus tuiscint a fháil agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú LO9 , S2	Riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus a ndearcadh a mhíniú agus a chosaint	A roghnú cén bealach agus cén uair le réimse ceisteanna a chur agus a fhreagairt - oscailte agus iata, reitriciúil, treoircheisteanna - agus cúis shoiléir leo
	10. Catagóirí	Réimse daoine, rudaí, imeachtaí agus eispéireas a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisciana ina leith a léiriú, le tacaíocht de réir mar is gá LO10 , S1+2	Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha na teanga agus freagairt dóibh, agus teanga a úsáid ar bhealach spráúil, cruthaitheach LO12 , S1+2	Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha de theanga, iad a aithint, agus freagairt dóibh ag leibhéal fuaimne, focail, abairte agus téacs.	Catagóiriú a mhíniú agus a chosaint trasna an churaclaim agus tuiscint a léiriú go mbíonn catagóirí ag síorathrú agus iad éagsúil lena chéile	Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach ina gcomhrá agus a dtéacsanna féin
	11. Athinsint agus mionléiriú	Scéalta agus insintí pearsanta a bhíonn ag dul chun castachta a insint agus a athinsint san ord ceart do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad agus iad ag úsáid aimsirí agus stór focal ó bhéal cúf. LO11 , S1+2	Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair, le tacaíocht de réir mar is gá LO13 , S1+2	Eolas a anailísiú agus a roghnú le smaointe agus tuairimí a chur in iúl ar réimse de chúiseanna, ar nós eolas a thabhairt, díospóireacht, míniú, cosaint agus áitiú ar dhaoine	Insintí a chruthú agus scéalta agus eachtraí a athinsint - idir fíor agus samhailteach - do lucht éisteachta éagsúla, ag úsáid teanga shamhlaíoch agus mheafarach, ag tabhairt míniú breise nuair is cúf	Cur síos ar ghníomhartha, ar eachtraí, próisis, mothucháin agus eispéiris a bhaineann le réimse leathan d' fhíorchoincheapa, agus coincheapa samhlaíocha, iad a thuar, machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu
	12. Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach	Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha na teanga agus freagairt dóibh, agus teanga a úsáid ar bhealach spráúil, cruthaitheach LO12 , S1+2	Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar phróisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar, machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu LO14 , S1+2	Cur síos ar ghníomhartha, ar eachtraí, próisis, mothucháin agus eispéiris a bhaineann le réimse leathan d' fhíorchoincheapa, agus coincheapa samhlaíocha, iad a thuar, machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu	Cur síos ar ghníomhartha, ar eachtraí, próisis, mothucháin agus eispéiris a bhaineann le réimse leathan d' fhíorchoincheapa, agus coincheapa samhlaíocha, iad a thuar, machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu	
	13. Eolas, míniú agus údar a thabhairt	Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair, le tacaíocht de réir mar is gá LO13 , S1+2				
	14. Cur síos, tuairimí agus machnamh	Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar phróisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar, machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu LO14 , S1+2				

* Nuair a chuirtear cumais agus cúisí éagsúla san áireamh.

Is féidir na scileanna atá foghlamtha sa toradh foghlama seo a aistriú ó thoradh in T1 na scoile. LO=Learning Outcome. S=stage.

** Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlaigh, leictreonach agus digiteach.

◊ Is cineálacha struchtúir téacs ilbairte ó bhéal nó scríofa iad seánraí a d'éirigh ina ngnáthstruchtúir ar chúiseanna sainiúla ina mbíonn patrúin a mbítear ag dúil leo, le cois gnéithe teanga a bhaineann le réim, m.sh. i bhfoirm scéil, faisnéiseach, áititheach agus ilseánra. Chun é a rá go simplí, tagraíonn seánra do rogha foirmeacha ó bhéal agus scríofa d'fhonn athinsint, míniú, siamsa a chur ar fáil, faisnéis a chomhroinnt, treoracha a thabhairt, insint, áitiú agus tuairimí a chosaint. Áirítear, ach ní liosta cuimsitheach é, le foirmeacha ó bhéal; drámaíocht, filíocht ó bhéal, óráidí, díospóireachtaí, scannáin agus meáin amhail podchraoltaí, físeáin, fógraíocht, craoladh teilifíse agus raidió.

Mionchéimeanna Dul chun Cinn - Teanga ó Bhéal

Gné	Toradh Foghlama: Uimhir agus lipéad	a a Luath...	a Gníomh an pháiste...	b Gníomh an pháiste...	c Gníomh an pháiste...	d Gníomh an pháiste...	e Gníomh an pháiste...	f Gníomh an pháiste...	g Gníomh an pháiste...	h Gníomh an pháiste...	i Gníomh an pháiste...	j Gníomh an pháiste...
Cumarsáid	1. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird		Tugann an páiste aird ar spreagthaí, coinneáil amharc na síl orthu agus leanann amharc súl duine fásta chun aird a thabhairt ar rud le chéile. Déanann an páiste aithris ar ghníomhartha agus ar fhuaimneanna.	Tugann an páiste aird ar feadh treimhsí níos faide ar spreagthaí suimilá nó coitianta lena n-áirítear: gníomhartha, gothai, tuin ghutha, comhráite agus scéala a léitear os ard, agus glacann páirt i rann, amhrán agus cluichí.	Glacann an páiste páirt i gcomhrá trí úsáid a bhaint as teagmháil súl chun agus aird acu ar chomharthaíocht coláinne, gothai agus tuin ghutha. Úsáideann an páiste na cinn sin in éineacht le comhthéacs chun focail/frásaí nua a thuiscint.	Éisteanann an páiste le heolas faoi éispéirí nua, lena n-áirítear ficean agus nearnfhicean agus nearnfhicean a éiríonn níos casta de réir a chéile. Éisteanann an páiste le duine fásta ag léiriú teanga nua ar bhfeidre a lán focal nach eol dóibh a bheith inti.	Éisteanann an páiste le cur síos ag úsáid tuine, gothai agus roinnt focal a thugtear chun príomh-theachtacht a léiríniú. Tugann an páiste aird ar eolas a chuirtear i léibhair ar théacs (leabhair, fuaim etc).	Tugann an páiste aird ar chumarsáid bhriathartha agus nearnbhriathartha i gcomhthéacsanna eagsúla. Éisteanann an páiste le daoine nach bhfuil aithne acu orthu ag léiriú focail/frásaí nua. Déiríonn an páiste ar an bhfuaimniú ceart ó thaobh na canúna de.	Faigheann an páiste léargas ó bheith ag éisteacht le heolas nua ar réimse leathan abhar. Éisteanann an páiste le heolas á chur i lathair ó dhá thaobh d'argóint.	Éisteanann an páiste a chumarsáid go dtéann sí chun aird a thabhairt ar léitear agus tuairimí. Forbairíonn an páiste a thuiscint ar fáil a ghlaicadh i gcomhráite agus le téacsanna ó bheal. Éisteanann an páiste le agus léitear, cuspoir agus léitear, mar atá curáil faoi léitear, cuspoir agus léitear éisteacht an mbealach a ndéanann daoine cumarsáid	Glacann an páiste le agus déanann measúnú ar a stíl éisteachta agus labhartha ar léitear agus léitear eile. Ceisteanann, léargas agus tuairimí.	
	2. Inspreagadh agus rogha		Léiríonn suim i dtéacsanna, baineann taitneamh astu, agus freagraíonn dóibh ag úsáid gothai gnúise, guth, fuaimneanna agus gothai corp.	Éisteanann le téacsanna, cruthaíonn téacsanna, agus glacann páirt i gcomhráite faoi ar abhair suime agus rogha pearsanta iad, ag úsáid abhair bunúsacha agus focail líthochlacha	Glacann páirt i gcomhrá le daoine eile, roghaíonn agus cruthaíonn téacsanna d'fhonn éisteacht leo i gcomhráite agus ar eolas faoi thópac ar abhair suime agus an eolas sin a chomhráint.	Cruthaíonn agus roghaíonn téacsanna chun éisteacht leo, agus cuireann tús le comhráite le daoine eile d'fhonn teacht ar eolas faoi thópac ar abhair suime agus an eolas sin a chomhráint.	Cuireann roghanna in iúl nuair a ghlacann sé páirt i gcomhráite agus nuair atá sé ag cruthú téacsanna agus ag éisteacht leo.	Aithníonn cuspoirí éagsúla chun téacsanna a chruthú, chun éisteacht leo go dtéann sí chun páirt a ghlacadh i gcomhráite faoi abhair suime pearsanta.	Cuireann tús le comhráite faoi abhair suime pearsanta, agus léiríonn ar síl iad. Roghnaíonn téacsanna, éisteanann leao, agus cruthaíonn téacsanna le haghaidh cuspoirí áirithe.	Roghnaíonn agus cruthaíonn téacsanna, téann i dtéagmháil leo le haghaidh cuspoirí áirithe, agus déanann tús a téacsanna seo a mheas agus cuspoirí geicte.	Cruthaíonn agus roghaíonn téacsanna, baineann ar abhair suime pearsanta agus le haghaidh cuspoirí áirithe. Aithníonn cluastéacsanna agus téacsanna ó bheal a chaitheáil focail, eolas agus suimeanna.	Cruthaíonn, roghaíonn agus measann téacsanna a eascraíodh roghaínn trasna an churaic. Measann na focail a rinneadh agus téacsanna á roghnú i gcomhráite éisteacht nó le haghaidh cuspoirí áirithe.
